An tú m’aithne, a fhalluing donn?

[Bergin, Osborn: *Irish Bardic Poetry*, Dublin, 1970, poem 41]

1 An tú m’aithne, a fhalluing donn?
ataoi feadh th’aithne agam,
mithidh damh, gé tuar tuirrse,
do char uaim [a fhalluing-se].

2 Nó gur lomais fam lámhaibh
id chiomhsaibh, a chompánaigh,
iomdha coinne ’nar chuir mé
na cruibh i gcoinne [a chéile].

3 Tugas cuairt do chois Bearbha -
móide id dhiaidh mo dhoimheanma -
i gcionn gach faithche is-tir thoir
do bhínn d ........................

4 Do chuadhas leat lá oile
i measg oireacht Osruighe:
a dhonn-bhrait ar dhath an tsróil,
ach! dob orrdhraic bhar n-onóir.

5 Ret fhoirfeacht, a fhalluing donn,
dá dtugadh amhghar orom
do thógbháil fán dtir amach,
bím ar ógmhnáibh dot fholach.

6 Mithidh damh dealughadh ruibh,
beag nár lom do leath íochtair:
tearc flaitheas nach fuighe cor -
do chaitheas uile th’uachtar.

7 An lom uile, a fhalluing donn,
do sgaoil ó chéile ar gcumann:
a-nocht mo thruaighe thusa!
ruainne ort níor fhágbhusa.

8 Fa tú an meirge ba mó cion
agam i n-íochtar Laighean:
tús comhóil duit ó gach druing,
cuid dot onóir, a fhalluing.